
# Rory McIlroy




Eochairfhocail: clubtheach, gaisce, mórchomórtas, baile dúchais

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén t-ainm atá ar bhaile dúchais Rory McIlroy?
2. Cad a bhí ar siúl ag na daoine a bhí bailithe le chéile i gclubtheach Chumann Gailf Ard Mhic Nasca?
3. Cén mothúchán a luaigh Micí Dufaigh ag tús a ghiota cainte?
4. Cén tréith dá phearsantacht a léirigh Rory nuair a bhí an ghaoth ina choinne, dar le Micí Dufaigh?
5. Cén fáth nach raibh iontas ar bith ar Robbie Hannan gur bhuaigh Rory Comórtas na Máistrí i mbliana?
6. Cé mhéad galfaire eile i stair an chluiche a bhfuil gaiscí Rory McIlroy déanta acu?
7. Cad a cheapann Robbie Hannan gur bhreá le Rory a bhuachaint anois?
8. Cad air a bhfuil galfairí óga Chumann Gailf Ard Mhic Nasca ag fanacht anois?
9. Cén contae a luann an tuairisceoir ag deireadh na míre nuachta?
10. An gceapann tú gur spórt suimiúil é an galf? Cén fáth?






Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Féach ar an bhfíseán arís agus ag obair le do pháirtí ranga aimsígí an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach.**

| | |
|---|---|
| Is as Iúr cinn Trá i gcontae an Dúin do Rory McIlroy | |
| Tá Rory ina bhall de Chumann Gailf Ard Mhic Nasca ó bhí sé ina bhuachaill óg | |
| Bhí ríméad ar mhuintir an Dúin nuair a bhuaigh Rory Comórtas na Máistrí an tseachtain seo caite | |
| Bhuaigh Rory Comórtas na Máistrí in Augusta den chéad uair i mbliana | |
| Bhí ionadh an domhain ar Robbie Hannan gur bhuaigh Rory Comórtas na Máistrí i mbliana | |
| Tá Rory McIlroy ina laoch d’an-chuid galfairí óga i gCumann Gailf Ard Mhic Nasca | |
| Ní luaitear ainmneacha galfairí cáiliúla eile sa mhír nuachta | |
| Tá Cumann Gailf Ard Mhic Nasca suite i gcontae Aontroma | |




Gníomhaíocht Chainte

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar chúrsaí gailf. Bíodh na ceisteanna seo a leanas agaibh mar threoir chun an comhrá a stiúradh.**

1. Cad a cheapann tú faoin ngalf?
2. An bhfuil tú i do bhall de chumann gailf?
3. Ar imir tú galf cheana?
4. Má d'imir, ar bhain tú taitneamh as?
5. Ainmnigh dhá scil atá ag teastáil ó ghalfaire maith?
6. Ainmnigh dhá thréith nár cheart a bheith ag galfaire maith?
7. Ar mhaith leat a bheith i do ghalfaire gairmiúil? Cén fáth?
8. Cé hé nó cé hí an galfaire is fearr leat? Cén fáth?





## Freagraí

1. Ard Mhic Nasca
2. Ag féachaint ar an aicsean ó Augusta
3. Sceitimíní
4. Misneach
5. Mar bhí an chuma ar Rory go raibh sé ar a shóchúlacht agus nach raibh sé neirbhíseach
6. Triúr eile
7. Comórtas na Máistrí agus tuilleadh mórchomórtas eile a bhuachaint
8. Filleadh an laoich ar a fhód dúchais
9. An Dún

1. B
2. F
3. F
4. B
5. B
6. F
7. B
8. B

